



**Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh**

Regulating Health +
Social Care Professionals

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

TUARASCAIL BHLIAINTUIL 2009

BITHCHEIMICEOIRÍ CLINICIÚLA ● DIAITÉITIGH ● EOLAITHE LEIGHIS
TEIRIPEOIRÍ GAIRME ● COSLIANNA ● SÍCEOLAITHE ● FÍSITHEIRIPEOIRÍ
SÚILIANNA ● RADAGRAFAITHE ● OIBRITHE CÚRAIM SÓISIALTA
OIBRITHE SÓISIALTA ● TEIRIPEOIRÍ URLABHRA AGUS TEANGA

WWW.CORU.IE

Clár

	Lth.
Clár na n-ábhar	2
Gluais	3
1.Brollach	4
2.Cur i láthair	6
3.Clár na nGníomhaíochtaí 2009	10
4.Coistí & Grúpaí Oibre na Comhairle	11
5.Bunú an Fheidhmeannaigh	16
6.Comisiún Sábháilteacht Othar & Cáilíocht	20
Ráitis Airgeadais	22
Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste	23
Ráiteas ar Chóras Rialúcháin Airgeadais Inmhéanaigh	25
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle	26
Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta	27
Cuntaisí Ioncaim agus Caiteachais do dheireadh na bliana 31ú Nollaig 2009	29
Clár Comhordaithe ag 31ú Nollaig 2009	30
Nótaí ar Ráitis Airgeadais do dheireadh na bliana 31ú Nollaig 2009	31
Auguisín 1	
Freagrachtaí na Comhairle	34
Auguisín 2	
Sceideal Freastail na Baili Comhairle	35
Auguisín 3	
Dualgaisí na mBoird Clárúcháin	36
Auguisín 4	
Ballraíocht na gCoistí agus Grúpaí Oibre na Comhairle	37
Auguisín 5	
Comisiún um Shábháilteacht Othar agus Cáilíocht	39

Gluais



Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, beidh an míniú seo ag na leaganacha seo a leanas, murar ndeirtear a mhalairt:

“Acht”	a chiallaíonn an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 ag deimhniú An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaig.
“Comhairle”	a chiallaíonn An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh.
“Boird Clárúcháin”	a chiallaíonn na Boird Clárúcháin do gach ceann de na gairmithe le bheith cláraithe faoin Acht.
“Príomhoifigeach Feidhmiúcháin” nó “POF”	a chiallaíonn an duine atá ceaptha don phost mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin / Cláraitheoir na Comhairle.
“Aire”	a chiallaíonn Aire Sláinte agus Leanaí.
“Roinn”	a chiallaíonn An Roinn Sláinte agus Leanaí.

1. Brollach an Chathaorligh

Tugann sé an-sásamh dom ar son na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ár dTuarascáil Bhliantúil a chur i láthair, a chlúdaíonn ár ngníomhaíochtaí i rith na tréimhse bliana go dtí deireadh mí na Nollag 2009.

Chonaic an bhliain seo deireadh le téarma an chéad Chomhairle agus ceapadh an dara Comhairle ag an Aire de réir forálacha an Achta. Cé go gceapfar gach ball den Chomhairle ar feadh tréimhse cheithre bliana, de réir an Achta caithfidh leath dóibh siúd a ceapadh ar dtús athrú tar éis tréimhse dhá bhliain.

Mar sin, déanadh cinneadh ag an gcéad chruinniú Comhairle i Márta 2007, go mbeadh roghnú randamach ar crannchur déanta ar na baill a bhí chun éiri as a bpostanna tar éis tréimhse dhá bhliain.

I mí an Mhárta 2009, d'éirigh na baill seo a leanas as an gComhairle:

An tUasal Elizabeth Anne McKay,
An tUasal Una O'Shiel,
An tUasal Nanno Fitzsimons,
An tUasal Freeman,
An tUasal Elva Gannon,
An tUasal Vincent McCabe
An tUasal Denis A Cusack
An tUasal Michael O'Halloran
An tUasal Mary O'Donnell, agus
An tUasal Joan Johnson.

Ba mhaith liom m'fhíor-bhuíochas a ghabháil dóibh don sárseirbhís atá déanta acu don Chomhairle. Ba mhaith liom freisin ar mo shon féin, agus ar son na Comhairle an ócáid seo a thógáil chun ár sármeas a chur in iúl maidir leis an bpáirt ar phlé gach aon duine acu.

Mar thoradh ar iarrachtaí An Chomhairle, na Coistí agus na Grúpaí Oibre ina raibh na baill chomh flaitiúil a bheith páirteach, ag obair lenár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin an tUasal Ginny Hanrahan agus a foireann, tá dóthain dul chun cinn déanta chun moladh a thabhairt don Aire go bhféadfadh sí anois dul i mbun oibre chun tuilleadh páirteanna den Acht a dheimhniú agus leanúint le ceaptha an chéad cheann de na Boird Clárúcháin.

Idir an dá linn, go dtí go mbeidh an obair á tabhairt chun críche ag an Aire agus a Roinn, lean an dara Comhairle nuacheaptha ar aghaidh le hullmhúcháin maidir le dáileadh na gclár mar a bheidh deimhnithe ag na Boird Clárúcháin chomh luath agus a cheaptar iad.

- Athbhreithniú ar Teicneolaíocht Faisneise agus Cumarsáide de réir na riachtanais TFC atá ag an gComhairle a chríochnú;
- Cur i gcríoch cuimsitheach ar cheacht Próisis Mápála Ghnó;
- Bunú Stráitéis Cumarsáide le bheith i gcríoch i 2010;
- Tús curtha le hathbhreithniú ar struchtúr táillí atá molta;
- Creatlach Tacaíochta Dleathach curtha i bhfeidhm.

Roghnaíodh agus earcaíodh na comhairligh sheachtracha a chuidigh sna tascanna, thuasluaite, de réir rialacha soláthair poiblí, nósanna imeachta tairisceana an Aontais Eorpaigh san áireamh.

Tá an t-aschur óna gníomhaíochtaí tógtha san áireamh anois ag na Coistí Comhairle agus Grúpaí Oibre iomchuí, agus ag an gComhairle féin.

Déanadh é seo le dearcadh córas clárúcháin nua-aimseartha, éifeachtúil agus éifeachtach a chur in áit. Tá Plean Cúig Bliana sonraíoch curtha faoi bhráid ag an gComhairle, le bheith ceadaithe ag an Roinn, don tréimhse 2010 – 2014, ag tabhairt le chéile seiceamh molta do dháileadh na rollaí; leibhéil ioncaim agus caitheachais réamh-mheasta, agus struchtúr soláthar foirne molta.

Tá tograí curtha faoi bhráid ag an gComhairle freisin d'fhaomhadh maidir le seachadadh ár gcóras TFC, bunaithe ar an bpróiseas gnó atá roghnaithe ag an gComhairle, a thiocfaidh le riachtanais na Comhairle agus na mBoird Clárúcháin don tréimhse amach anseo.

Idir an dá linn, tá tugtha faoi ag an bhFeidhmeannach Comhairle ar phróiseas pleanála leis an mBord Cáilíochtaí Náisiunta d'Obair Shóisialta (BCNOS), Bord na Radharcmeastóirí, agus An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal, a bheidh ag nascadh leis an gComhairle in am trátha.

Tá an Feidhmeannach fós á chur faoi in oifigí BCNOS ar Shráid Bhagóid, ba mhaith liom an ócáid seo a thógáil chun buíochas a ghabháil leo ar son na Comhairle, don chabhair, comh-oibriú agus cúirtéis a thaispeánann An Bord agus a bhfoireann don Chomhairle, ár bPOF agus a foireann.

Maille leis seo, ba mhaith liom a chur in iúl, ar son na Comhairle, ár mbuíochas agus ár meas don spreagadh agus don tacaíocht a chuir an tAire ar fáil dúinn trí 2009, ní ach go háirithe

An tUasal Bernard Carey, Ard-Rúnaí Cúnta

An tUasal Deirdre Walsh, agus

An tUasal Paul Flanagan,

a leannann orthu a bheith mar chúnamh gan chuntas agus mar thacaíocht leanúnach don Chomhairle.



Margaret Hayes

Cathaoirleach

2. Cur in iúl

2.1 Cuireadh an tAcht i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt don phobal, trí ligean do ghairmithe sláinte agus sóisialta cleachtadh i dtimpeallacht rialaithe, smachtaithe agus sábhailte; agus ar bhealach a chinntíonn idirghabháil den ard-chaighdeán, ach ag an am céanna ag comhlíonadh na ndúshláin a bhaineann leis na réimsí casta aire agus teiripeach atá de shíor ag athrú d' úsáideoirí na seirbhíse. Forálann an tAcht córas cabhrach do ghairmithe sláinte agus sóisialta ag cinntiú cleachtaí freagracha agus éifeachtacha chomh maith leis an leibhéal seirbhíse is airde do chúram othair a chur ar fáil.

2.2 Ligean an tAcht don Chomhairle feidhmiú mar rialóir reachtúil ar na gairmithe sláinte agus sóisialta atá ceaptha, iad seo a leanas san áireamh, atá luaite i Alt 4 den Acht:

Bithcheimiceoirí Cliniciúla	Fisiteiripeoirí
Bia-eolaithe	Síceolaithe
Eolaithe Míochaine	Radagrafaithe
Teiripeoirí Ceirde	Oibrithe Cúraim Shóisialaigh
Ortaptaigh	Oibrithe Sóisialta
Coslianna	Fisiteiripeoirí Urlabhara agus Teanga

Agus aon ghairmeacha eile liostaithe ag an Aire faoin Acht. Ag leanacht tuairiscí buiséid i mí Dheireadh Fómhair 2008 agus i mí Aibreáin 2009, tá An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal a rialaíonn na Teicneoirí Éigeandála Míochaine, Paraimhíochaineoirí agus ArdParaimhíochaineoirí agus Bord na Radharcmeastóirí a rialaíonn Optaiméadraithe agus Radharceolaithe Dáiliúcháin, ar tí comhcheangal a dhéanamh leis an gComhairle in am trátha.

Tá An Bord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta sceidealaithe faoin Acht chun comhcheangal a dhéanamh leis an gComhairle chomh luath agus a chuirtear an creatlach dleathach i bhfeidhm agus tá obair ar seo faoi lámh chéanna lastigh den Roinn. Tá sé beartaithe pleanáil a dhéanamh don aistriú i mí na Bealtaine 2010.

2.3 Tugadh an cuspóir reachtúil seo a leanas don Chomhairle

“An pobal a chosaint trí cur chun cinn ard-chaighdeán iompair phroifisiunta agus oideachais phroifisiunta, traenáil agus inniúlacht i measc na gcláraitheoirí de na gairmithe ceaptha”

Alt 7 den Acht (Féach Auigisín 1 le tuilleadh sonraí)

2.4 Tháinig deireadh leis an gcéad dá bhliain d'oifig na Comhairle i mí an Mhárta 2009. Cheap an tAire an dara Comhairle mar seo a leanas:

Ballraíocht na Comhairle Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Cathaoirleach

An tUasal Margaret Hayes

Ball as gach ceann den dá ghairm déag le bheith rialaithe:

An tUasal Margaret Doyle (Bia-eolaithe)
An tUasal Jacqui Barry-O’Crowley (Eolaithe Míochaoine)
An tUasal Patricia Godwin (Coslianna)
An tUasal Mitchel Fleming (Síceolaithe)
An tUasal Mark McEntee (Radagrafaithe)
An tUasal Monica Egan (Oibríthe Sóisialta)

Triúr le cáilíochtaí, suim agus taithí mar a bheadh, i dtuairim an Aire mar luach don Chomhairle ag comhlíonadh a dualgais:

An tUasal Tom Jordan
An tUasal Fionnuala Cook
An tUasal Patricia O’Connor

Ionadaí ó bhainistíocht an Earnáil Leighis Phoiblí, an Earnáil Cúram Sóisialta nó an dá earnáil:

An tUasal Jackie Reed

Ionadaí ó bhainistíocht rannóg deonach nó príobháideach bainteach le cúram sláinte nó sóisialta:

An tUasal Tony Darmody

Ionadaí ó fhoras triú leibhéal bainteach le hoideachas agus traenáil na ndaoine, le meas ar an gcleachtadh ar na gairmithe ceaptha agus atá ceaptha ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta:

An tUasal Ann Taylor

Seisear iondaithe de shuim an phobail ginearálta agus a cheapfar le ceadúnas ón Aire Oideachais agus Eolaíochta:

An tUasal Pat Quinlan
An tUasal Bernie Eustace
An tUasal Sharon Foley
An tUasal Michael Ronayne
An tUasal Stephen McMahon
An tUasal Julie Ling

Tá ceapadh foirméalta ar sheisear iondaithe eile ar faomhadh go dtí go ndéantar leasú ar an Acht. Faoi láthair tá stádas breathnóra ag na hainmnithe:

An tUasal Jill Long (Fisiteiripeoirí)
An tUasal Mary Barrett (Teiripeoirí Ceirde)
An tUasal Libby Delap (Ortoptaigh)

An tUasal David Power (Oibrithe Cúraim Shóisialaigh)
An tUasal Maeve Murphy (Teiripeoirí Urlabhara agus Ceirde)
An tUasal John O'Mullane (Bithcheimiceoirí Cliniciúla)

** Italic– ceapaithe nua*

Téarmaí Oifige curtha i gcríoch mar bhaill den Chomhairle i rith 2009

Ionadaithe Gairmiúla

An tUasal Elizabeth Anne McKay (Teiripeoirí Ceirde)
An tUasal Una O'Shiel (Teiripeoirí Urlabhara agus Teanga)
An tUasal Nanno Fitzsimons (Ortaptataithe)

Ainmnithe Aireach

An tUasal Joan Freeman
Folamh

Ionadaí Bainistíochta Sláinte Poiblí agus Príobhaideach/ Deonach

An tUasal Elva Gannon

Ionadaí Oideachais

Folamh

Ionadaithe Poiblí Ginearálta

An tUasal Vincent McCabe
An tUasal Denis A Cusack
An tUasal Michael O'Halloran
An tUasal Mary O'Donnell
An tUasal Joan Johnson

2.5 Cruinnithe

Bhuail an Chomhairle le chéile cúig huairé i 2009, leis an gcuid is mó de na baill fós ag freastal ar an gCoiste Comhairle agus na Grúpaí Oibre. Lean John O'Mullane ar aghaidh mar ainmnitheach ar son na Comhairle do Chomhairle Dhochtúirí Leighis na hÉireann. (Féach Auguisín 2 le tuilleadh sonraí).

2.6 Ceapadh an dara Comhairle

Faoin Acht cheap an tAire an chéad Chomhairle ar feadh tréimhse ceithre bliana. De réir an dlí, áfach, caithfidh an chéad Chomhairle athrú tar éis tréimhse dhá bhliain trí crannchur, chun go mbeadh córas rolláil i measc na mbaill Comhairle. Roghnaíodh iad siúd chun éirí as Comhairle tar éis an chéad dá bhliain ag an gcéad chruinniú Comhairle i mí an Mhárta 2007.

Ceapadh an dara Comhairle de réir an Achta. Ceaptar gach ball den Chomhairle ar feadh tréimhse ceithre bliana. Faraor, tá saincheist tagtha chun solais taobh istigh den chreatlach reachtach, atá á ple

faoi láthair, chun ligen don Aire an seisear ainmnithe deireadh a cheapadh don Chomhairle. Tá stadas iomlán breathnadóra ag na hainmnithe seo agus bíonn siad i láthair ag gach cruinniú Comhairle le linn leasú an Achta

2.7 Ionduchtú do Chomhairle

Bhí an ionduchtú foirméalta agus traenáil ar siúl ar an 1ú Nollaig 2009, ar thopaicí ar nós rialachais chorporáide, an tAcht a chur i bhfeidhm – saincheisteanna dlíthiúla, faomhadh na gcúrsaí oideachais, clárú agus feidhmiúlacht chun cleachtadh.

2.8 Boird Clárúcháin

Foráileann an tAcht go mbeadh Boird Clárúcháin ceaptha do gach ceann de na gairmithe ainmnithe faoin reachtaíocht. Beidh gach Bord Clárúcháin ina chomhlacht corparáideach le comharbas suthain, ina sheala, agus ar féidir leis an dlí a agairt nó a bheith agartha ina ainm comhlachta. Teastaíonn ón Acht go mbeadh triúr ball déag ar gach Bord – seisear ón ngairm le bheith cláraithe – oideoir, beirt bhainisteoirí agus triúr cleachtóirí; agus seachtar baill thuata – ionadaithe ó bhainistíocht an earnáil leighis phoiblí / chúraim shóisialta; bainistíocht ón earnáil dheonach / phríobhaideach; ionadaí triú leibhéal agus ceathrar ar son an phobail ghinearálta, atá ainmnithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Toghfaidh An Bord, an Cathaoirleach go cuí. (Féach Auguisín 3 le tuilleadh sonraí)

Chuir An Chomhairle comhairle ar an Aire i mí Dheireadh Fómhair 2009 go raibh socraithe in áit chun an chéad dhá Bhord Clárúcháin déag a bheidh in áit do na hOibrítheoirí Sóisialta a áisiú, a cheapadh. Chríochnaigh An Roinn próiseas comhairliúcháin leis na comhlachtaí ábhartha maidir le hainmnithe ar cheart don Aire aird a thabhairt orthu le haghaidh ceapacháin. Tuigtear gur mar thoradh ar ghá ar leasú an Achta réamhluaite go bhfuil moilleanna dosheachanta i gcríochnú an phróisis seo.

3. Clár na Gníomhaíochtaí i 2009

2.5 Achoimre na bpríomhgníomhaíochtaí

- Cleachtadh cuimsitheach ar phróiseas mapála ghnó, ag glacadh le struchtúr deartha, eagraíochtúil, nuálach mar thoradh;
- Forbairt ar phlean gnó cúig bliana do 2010- 2014;
- Tús curtha le próiseas pleanála straitéiseach;
- Ullmhúchán do chlárú, obair chun caighdeán an chlárú a bhunú san áireamh, na riachtanais a cheapfar a bheith “ceart agus cóir” a shonrú agus mar sin de;
- Dréacht chaighdeán d’oideachais, traenála agus inniúlachta a uasdátú, mar ullmhúchán do phróiseas leathan comhairliúcháin;
- Próiseas comhairliúcháin maidir leis an gCód Iompair Ghairmiúil agus Eitice
- Athchóiriú agus méadú ar ghrúpa oibre na Comhairle agus struchtúr coiste ag díriú ar bhunú na bpróisis agus nósanna a theastaíonn chun córas rialála na Comhairle a bhunú;
- Solathar foirne a mhéadú tríd na poist Ceann Clárúcháin agus Oideachais, Ceann Gnóthaí Dlí agus Bainisteoir Oifige a cheapadh;
- Dul chun cinn a dhéanamh i 2011 leis an ionsú idir An Bord Cáilíochtaí Naisiúnta d’Obair Shóisialta, Bord na Radharcmheastóirí agus An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil;
- Athbhreithniú TFC, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, ag bunú na riachtanais TFC i dtodhcaí na Comhairle;
- Forbairt ar aitheantas eagraíochtúil nua mar “CORU”;
- Bunú próiseas straitéiseach cumarsáide;
- Próiseas anailíse ar tháillí;
- Creatlach tacaíochta dleathach a chur i bhfeidhm;
- Suíomh idiríon forbartha agus ullmhaithe don seoladh i 2010;
- A bheith páirteach sa ghrúpa stiurtha, bunaithe chun na moltaí an Choimisiúin um Shabháilteacht Othar agus Cáilíochta a chur i bhfeidhm, “ Ag Tógáil Cultúir Sábháilteacht Othar”;
- Forbairt ar nascanna le rialóirí sláinte agus cúram sóisialta eile ar fud na tíre in Éirinn;
- Ag plé na féidearachtaí seirbhísí a roinnt le heagraíochtaí eile i réimsí oibre ghaolmhara.

4. Coistí Comhairle / Grúpaí Oibre



4.1 Cheartaigh an Chomhairle socraithe na nGrúpaí Oibre agus na gCoistí chun clú a thabhairt don chéim forbartha seo den eagraíocht agus tá an dá Choiste Comhairle agus ceithre Ghrúpa Oibre Comhairle seo i láthair:

- 1) Coiste Airgeadais agus Luach Saothair;
 - 2) Coiste um Iniúchta, Riosca agus Rialachais;
 - 3) Grúpa Oibre Clárúcháin;
 - 4) Grúpa Oibre Oideachais agus Traenála;
 - 5) Grúpa Oibre Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh;
 - 6) Grúpa Oibre Straitéis Fhorbartha ;
- (Féach Auguisín 4 le tuilleadh sonraí)

I mbliana, díríodh an obair ar bhunú na bpróiseis agus modhanna maidir le bunú an chórais clárúcháin.

Coiste Airgeadais agus Luach Saothair

4.2 Ag tuairisciú don Chomhairle, is é an ról atá ag an gCoiste Airgeadais agus Luach Saothair ná maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais an CGSCS, bailiúchán, infheistíocht agus caiteachas aon airgead faighte san áireamh.

Eochair-fhreagrachtaí an Choiste Airgeadais agus Luach Saothair mar atá leagtha amach ag an gComhairle:

- Maoirsiú a dhéanamh ar ioncam/ caiteachas ceadaithe an bhuiséad atá ag an CGSCS agus na cúrsaí seo a thuairisciú don Chomhairle, ag tarraingt airde agus ag trácht ar na hathraitheachta agus an gníomh ceartaitheach a theastaíonn mar is ceart;
- Ceadúnas a thabhairt d' earnálacha tarmligthe de chaiteachas teoranta ceadaithe ag an gComhairle agus i líne le buiséad ceadaithe na Comhairle ar an iomlán;
- Athbhreithiú a dhéanamh ar thairisceana cateachais caipitl ón bPOF agus moltaí a thabhairt don Chomhairle;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thairisceana buiséid ón bPríomhFheidhmeannach in am trátha, chun iad a phlé agus moltaí a thabhairt, le bheith ceadaithe, don Chomhairle, sula ndéantar aighneacht mar an gcéanna chuig an Roinn;
- Athbhreithniú ar na haighneachtaí ón bPríomhFheidhmeannach, dréachtphleananna gnó i líne leis an mbuiséad leithdháilte agus moltaí a chur in iúl don Chomhairle;
- Athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh chun uasdátú a dhéanamh ar na nósanna imeachta/ bpróisis airgeadais oibriúcháin an CGSCS in aon ait is gá nó atá riachtanach, de réir na hathruithe i maoiniúchán agus riachtanais dleathach agus deachleachtadh;
- Dualgaisí eile atá leagtha amach ag an gComhairle a chomhlíonadh ó am go chéile.

Ballraíocht

Is iad na baill reatha ná:

An tUasal Pat Quinlan (Cathaoirleach),

An tUasal Tony Darmody,

An tUasal Jacqui Barry-O’Crowley, agus

An tUasal Mitchel Fleming.

Is iad na baill a chríochnaigh a dtéarmaí oifige i mí an Mhárta ná:

An tUasal Vincent McCabe (Cathaoirleach go dtí Márta 2009),

An tUasal Elizabeth-Anne McKay, agus

An tUasal Nanno Fitzsimons.

Tháinig an Coiste le chéile ar thrí ócáid i 2009, ag comhairliú Comhairle agus an Feidhmeannach ar chúrsaí ar nós bainistiú buiséid, lóistín, soláthar agus an tionscnamh Próisis Mapála Ghnó. Thug an Coiste moltaí don Chomhairle chomh maith faoin bplean gnó 2009 agus faoin mbuiséad agus an plean seirbhíse do 2009. Bhí an Coiste Airgeadais agus Luach Saothair chun cinn, ag cinntiú críoch athbhreithniú na tuairisce anailíse ar thailí, déanta ag EPS Consulting agus ina dhiaidh thug a gcuid moltaí don Chomhairle.

Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais

4.3 Eochairfhreagrachtaí an Choiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais mar atá leagtha amach ag an gComhairle:

- Athbhreithniú ar bhuanseasmhacht agus ionracas na gcórais airgeadais, siostaim rialúcháin inmhéanaigh agus eolas oibriúcháin agus tuairisciú , na pointí seo a leanas san áireamh:
 - Ag athbhreithniú agus ag ceadú próisis ceannaigh agus dréachtchonarthaí d’aistriú agus riaradh maoiné;
 - Maoirsiú a dhéanamh ar chosaint sócmhainní agus, mar atá feiliúnach, ag deimhniú go bhfuil a leithéid ann.
 - Ag cinntiú go bhfuil dóthain airde tugtha d’iniúchadh luacháil airgid;
 - Ag cur luach ar an eacnamaíocht, éifeachtacht agus fuaimint lena fhostáitear acmhainní, tríd an earnáil iniúchadh inmhéanaigh.
- Athbhreithniú ar phróisis rialacháin, an pointe seo a leanas san áireamh:
 - Athbhreithniú ar an gcóras Rialchais Corporáide atá faoi réir agus ag cinntiú go dtugann an Cód Rialachais Corporáide clú do na riachtanais atá ag athrú de shíor.
- Athbhreithniú na gcórais sainaitheanta riosca agus bainistiú.
- Athbhreithniú agus machnamh ar aon tuairisc a fhaightear ón gCeannasaí agus an t-Iniúcháir Ginearálta agus a bheith i dteagmháil leis an oifig mar a theastaíonn, torthaí iniúchtaí agus fiosrúcháin, chomh maith le freagra an bhainistíochta a thógáil san áireamh:
 - Machnamh a dhéanamh agus comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le ceapadh na dtéarmaí rannpháirteachais sa tseirbhís iniúchadh inmhéanaigh, an soláthrú d’aon seirbhís neamhiniúchadh déanta ag na hiniúcháirí inmhéanacha agus aon cheist maidir le dul ar scor;
 - Cinntiú go bhfuil dóthain acmhainn curtha ar fail don iniúchadh inmhéanaigh de réir riachtanais na Comhairle nó moltaí a dhéanamh mar atá feiliúnach.

- Athbheithniú ar ráitis airgeadais bhliantúil agus moladh a chur i láthair don Chomhairle ag díriú ní ach go háirithe ar:
 - Aon athruithe i gcleachtaí agus i bpolasaithe cuntasafóchta;
 - Earnálach móra, breithiúna;
 - Socraithe áthraithe mar thoradh ar an inúchadh;
 - An neamhghlactacht ghnóthas leantach;
 - Ag comhlíonadh caighdeáin chuntasafóchta;
 - Ag cinntiú aontú le riachtanais dleathach.
- Aon topaic a mhachnú faoi threoir na Comhairle.

Ballraíocht

Is iad na baill faoi láthair ná:

An tUasal Sharon Foley (Cathaoirleach), An tUasal Tim Dalton (Iar – Ard-Rúnaí, An Roinn Dlí agus Cirt), An tUasal Vincent McCabe (Rialtóir Airgeadais, Foras Croí na hÉireann) agus An tUasal Stephen McMahon (Ball Comhairle).

Chuaigh an Chomhairle i mbun oibre i mí Feabhra 2010 ag dréachtú na téarmaí tagartha, ceadaithe ag Comhairle ina dhiaidh agus ag dul chun cinn agus ag críochnú an chreatlach rialachais chorporáide, ceadaithe ag Comhairle ina dhiaidh.

Rialachas (Comhchuisithe isteach sa Choiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais ag deireadh 2009)

4.4 Eochairfhreagrachtaí an Coiste Rialachais mar atá leagtha amach ag an gComhairle:

- Saincheisteanna rialachais a aithint faoin Acht;
- Saincheisteanna ábhartha le bheith labhartha faoi ag an gComhairle a aithint;
- Dréachtchreatlach rialachais a bhunú.

Ba iad na baill ná:

An tUasal Tom Jordan (Cathaoirleach), An tUasal Elva Gannon, An tUasal Michael O'Halloran, An tUasal Patricia Godwin, agus An tUasal John O'Mullane.

Mar gheall ar ról an tUasal John O' Mullane ar an gComhairle Leighis agus an obair thúnáisteach i gceist, tugadh leithscéal dó ó obair Chomhairle. D'aontaigh an Chomhairle go bhfreastólfai níos fearr ar shaincheist an Rialachais trí é a chomhtháthú leis an gCoiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais, a tharla ag deireadh 2009, mar thoradh cuireadh an Coiste seo ar scor.

Grúpa Oibre Clárúcháin

4.5 Eochairfhreagrachtaí an Ghrúpa Oibre Chlarúcháin mar atá leagtha amach ag an gComhairle:

- Saincheisteanna abhartha don Chomhairle maidir le clárúchán a aithint;
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar na céimeanna riachtanacha do chlárúchán;
- Dréachtphlean gníomhach a bhunú mar ullmhúchán do chlárúchán.

Ballraíocht

Is iad na baill reatha ná: An tUasal Mark McEntee (Cathaoirleach), An tUasal Margaret Doyle, An tUasal Mitchel Fleming, An tUasal Jill Long, An tUasal David Power agus An tUasal Jacqui Barry O’Crowley.

Is iad na baill a chríochnaigh a dtéarmaí oifige i mí an Mhárta ná: An tUasal Nanno Fitzsimons, An tUasal Vincent McCabe, An tUasal Michael O’Halloran, An tUasal John O’Mullane, agus An tUasal Patricia Godwin.

Tháing an Grúpa Oibre le chéile ar cheithre ócáid i 2009. D’oibrigh sé agus an Feidhmeannach as lámha a chéile maidir le tuairiscí don anailís TCP a thabhairt chun críche, próiseas mapála gnó agus seachfhoinsíú.

Grúpa Oibre Traenála agus Oideachais

4.6 Eochairfhreagrachtaí an Ghrúpa Oibre Traenála agus Oideachais amr atá leagtha amach ag an gComhairle:

Sracléaráidíú a dhéanamh ar riachtanais ar leith faoin Acht maidir le hoideachas agus traenáil;

- Saincheisteanna a aithint maidir le hoideachas i gcóir clárúcháin agus ballíochtú na gcúrsaí san áireamh;
- Comhairle ar an gcaoi ar cheart saincheist faoi Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a lálmhseáil.

Ballraíocht

Is iad na baill reatha ná: An tUasal Ann Taylor (Cathaoirleach), An tUasal Monica Egan, An tUasal Margaret Doyle, An tUasal Mark McEntee agus An tUasal Jackie Reed.

Is iad na baill a chríochnaigh a dtéarmaí oifige i mí an Mhárta ná: An tUasal Elizabeth-Anne McKay, An tUasal Joan Johnson, agus An tUasal Una O’ Sheil.

Bhí an grúpa i bhfeighil ar an bpróiseas uasdátú ar na dréachtchaighdeáin d’oideachas, traenáil agus inniúlacht. Tar éis an atbhreithniú dleathach agus ceadúnas na Comhairle, cuirfear próiseas comhairleoireachta níos leithne ar siúl le hoidí, fostóirí agus úsáideoirí seirbhíse chun cinntí go dtagann na treoirlínte a eisiúnn an Comhairle do na Boird Chlárúcháin leis na riachtanais uilig. Tá an Chomhairle anois tar éis tús a chur le bunú córais le bheith ceadaithe do chúrsaí oideachais agus ag athbhreithniú cáilíochtaí na n-eachtrannach.

Grúpa Oibre Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

4.7 Eochairfhreagrachtaí an Ghrúpa Oibre Feidhmiúlacht chun Cleachtadh:

- Eilimintí na gcreatlaí d’fheidhmiúlacht chun cleachtadh a leagan amach mar atá foráilte san Acht;
- Anáil a chur sna caighdeáin atá leagtha amach, chun a chinntiú go dtugann siad clú do na riachtanais i gcóras cothrom feidhmiúlacht chun cleachtadh;
- Saincheisteanna ábhartha FCC a aithint don Chomhairle

Ballraíocht

Is iad na baill reatha ná: An tUasal Monica Egan (Cathaoirleach), An tUasal Jill Long, An tUasal David Power, An tUasal Monica Egan, agus An tUasal Patricia Godwin.

Is iad na baill a chríochnaigh a dtéarmaí oifige i mí an Mhárta 2009 ná: An tUasal Joan Freeman, An tUasal Denis Cusack, agus An tUasal Tony Dermody.

Aontaíodh an dréacht doiciméad don chreatalch feidhmiúlachta chun cleachtadh agus na rialacha ginearálta d'iompar gairmiúil (Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice) i 2008. Cruthóidh na doiciméid seo an bunús do na Boird Clarúcháin uilig agus a bhfodhlíthe ar Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a ngairmithe. Socraíodh go rachadh an Chomhairle ar aghaidh le comhairleoireacht leis na gairmithe, ionadaithe na n-othar / ngrúpaí úsaideoirí seirbhíse, an tÚdarás Iomaíochta agus Cosaint Sonraí. Cuireadh dhá cheardlann ar siúl, ceann i mí na Samhna 2009 agus cuireadh an dara ceann ar siúl go luath i 2010. Bhí an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice, le bheith eisithe mar threoirlíne do na Boird Clárúcháin, ceadaithe ag an gComhairle i Feabhra 2010. (Féach 5.3 le tuilleadh sonraí).

Grúpa Oibre ar Fhorbairt Straitéise

4.8 Thug baill na Comhairle faoi obair ar an bPlean Straitéiseach do 2010- 2014 i mí na Nollag 2009. Thosaigh an tUasal Sharon Foley, an tUasal Fionnuala Cook agus an Feidhmeannach an réamhobair i bhforbairt an phlean straitéiseach. Beidh an plan á thabhairt chun críche agus ainm na Comhairle curtha leis i 2010.

5. Bunú an Fheidhmeannaigh



5.1 Soláthar Foirne

Bhí bliain an-dúshlánach ag an eacnamaíocht náisiúnta agus bhí tionchar aige seo ar luas forbartha an chomhlachta nua seo. De bhuíochas na Ranna agus obair na Seribhíse um Cheapacháin Phoiblí bhí an Chomhairle in ann beirt bhall den fhoireann sinsir a cheapadh i mí Lúnasa 2009.

D'fhoráil an ceacht Próiseas Mapála Ghnó críochnaithe, le treoirlíne maidir leis na riachtanais foirne don phlean gnó chúig bliana, ag tógáil san áireamh cónascadh foirne agus postanna ó ghníomhaireachtaí eile. Tá an plean anois curtha ar aghaidh chuig an Roinn.

5.2 Ag ullmhú do chlárúchán

Tá an Feidhmeannach anois, mar thosaíocht, ag déanamh dul chun cinn le hullmúcháin na gcórais a thabharfaidh tacaíocht do bhunú na mBoird Clárúcháin agus clárúchán. Anseo beidh na caighdeáin chlárúcháin á mbunú, le modhanna agus próisis iarratais san áireamh, ag ligean do na boird clárúcháin ar leith iad féin a shásamh go gcomhlíonann na hiarratasóirí riachtanais ar fad an Achta agus go mbeidh gach duine ar an gIcár "Cuí Cóir".

Cinntóidh treoirlínte, eisithe ag an gComhairle go bhfuil leanúnachas i measc na mboird maidir le modhanna oibre, próisis agus rialúcháin. Is iad na saincheistanna eile, a bhfuil tús curtha lena bplé, ach a bhfuil tuilleadh oibre ag teastáil uatha ná:

Ábhar Dí	rialacha reachtúla, fodhlithe agus fógraí don Roinn maidir le tabhairt faoi ailt an Achta agus achtú riactanach ina dhiaidh sin;
Oideachas agus Traenáil	ag bunú caighdeán d'oideachas agus traenáil agus oilteacht;
Feidhmiúlacht chun Cleactadh	An cineál caighdeán a dhéanfar tomhais ar fheidhmiúlacht chun cleactadh;
Cód Oibre Ghairmiúil Iompar agus Eitice	dulta chun cinn ar fhorbairt doiciméad treoirlíne ón gComhairle a chorpraigh na prionsabail a theastaíonn. Beidh an doiciméad seo in úsáid ag na Boird Clárúcháin mar threoirlíne a ligfidh dóibh a gcóid ar Leith féin a fhorbairt.

5.3 Creatlach do Chód Iompar Ghairmiúil agus Eitice comónta

Bhí comhairlí ar siúl maidir le dréacht chreatlach do Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice. Cuireadh dhá cheardlann comhairliúcháin ar siúl ar an 25ú Samhain agus 21ú Éanair 2010, le baill Comhairle agus garmithe ainmnithe ón dá ghairm déag ceaptha agus ainmnithe ón gComhairle um Cúram Práinne Réamh-Oispidéil agus Bord na Radharcmeastóirí.

Bhí freastal maith ar an gcéad cheardlann (26 Gairmithe) agus glacadh go maith leis. Bhí leibhéal leathan tacaíochta don chód comónta.

Iarradh ar ghrúpaí gairmiúla dul i gcomhairle lena gcomhlachtaí gairmiúla ar an gcód athbhreithnithe roimh an gcéad cheardlann eille agus aiseolas a thabhairt roimh an gcruinniú. Cuireadh an téacs athbhreithnithe chuig an Údarás Iomaíochta agus chuig Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Déanadh logáil d'aon tuairimí a fuarthas agus scaipeadh iad i measc na rannpháirtithe ag an dara ceardlann. Fuarthas dhá fhreagairt is fiche.

D'fhreastal ocht rannpháirtithe is fiche ar an dara ceardlann. Thar trí sheisiún phlé na grúpaí na hait a bhain le hiompar, eitic agus feidhmiúcháin den dréacht cód. Aithníodh sa seisiún deireadh na réimsí tosaíochta do na grúpaí. Bailíodh aiseolas i ngach seisiún. Thóg an Grúpa Oibre Feidhmiúlacht chun Cleachtadh an t-aiseolas san áireamh agus aontaíodh ar théas deiridh le haghaidh moladh don Chomhairle.

Ag a cruinniú ar an 11ú Feabhara 2010, ghlac an Chomhairle an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice mar threoirlíne de réir alt 31 (7) den Acht, 2005. Beidh an téacs comhaontaithe mar threoirlíne do na Boird Clárúcháin, nuair a cheaptar iad, agus iad ag ullmhú a gCód Iompair Ghairmiúil agus Eitice féin.

5.4 Seirbhísí Comhairle

Thug an Chomhairle faoi seirbhísí comhairle tar éis próisis soláthair poiblí do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- **Seirbhísí Comhairle Dí**

Cuireadh creat i bhfeidhm ina bhfuil sé chomhlacht dleathach chun comhairle a chur ar fáil, faoi chúrsaí rialachais agus corparáideach don eagraíocht.

- **Anailís TFC**

Cuireadh críoch le hanailís TFC i mí an Mhárta 2009, prósa taighde ollmhór i gcinnitú na riachtanais TFC do riachtanais chasta na heagraíochta mar a fhabhraíonn sí.

- **Próiseas Mapála Gnó**

Chríochnaigh an eagraíocht ceacht próiseas mapála gnó sa leath dheireadh de 2009 chun na bpróiséis ghnó a dhoiciméadú agus a mhapáil do gach aon cheann de phríomhréimsí gnó na Comhairle.

- **Anailís Táillí**

Cuireadh críoch le hanailís táille faoi dheireadh 2009 agus tá anois le bheith athbhreithnithe ag an gComhairle i mí Feabhra 2010. Leagfaidh sé seo amach an struchtúr táille molta don eagraíocht. Chuidigh an anailís TFC, próiseas mapála gnó agus an anailís táillí bunús a chuir leis an bPlean Cúig Bliana 2010- 2014, a d'aithin na hachmhainní a theastaíonn chun na seirbhíse seo a chur ar fáil. Cuireadh An Plean Gnó 2010 – 2013 faoi bhráid na Ranna.

- **Straitéis Cumarsáide**

Cuireadh tús le hobair chun straitéis cumarsáide agus plan oibre a réadtiomnú, chun an bealach a mbeidh muid ag cumarsáid lenár ngeallsealbhóirí a leagan amach.

- **Suíomh Greasáin**

Cruthaíodh an suíomh greasáin agus ullmhaíodh don seoladh é. Seolfar an suíomh greasáin go hoifigiúil sa chéad cheathrú de 2010.

- **“CORU”**

Tá beartaithe ag an gComhairle trádáil faoin ainm “CORU”. Is é “CORU” an téarma don bhratchomhacht a bheidh freagrach as na gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a rialú. Tá An Chomhairle agus an dá Bhord Clárúcháin déag, bunaithe faoin Acht, san áireamh. Eascraíonn an focal ón bhfocal Gaeilge cóir a chiallaíonn cóir, cothrom agus ceart agus seolfar é an bhliain seo chugainn. Tá dáimh ag na luachanna seo go doimhin inár n-eagraíocht agus tugtar clú foirfe dár ndílseacht chun an phobail a chosaint trí na gairmithe sláinte agus chúraim shóisialaigh a rialú. Fanfaidh An Chomhairle mar ár n-ainm dlíthúil.

- **Seirbhísí Roinnte**

Ar aon dul le beartas rialtais, tá Comhairle ag taiscéaladh seirbhísí roinnte le gníomhaireachtaí eile, go háirithe i réimse na bhfeidhmeanna corporáide. Bhí obair shuimiúil ar bun le roinnt rialtóirí agus tá tairiscintí curtha faoi bhráid na Ranna ag an gComhairle bunaithe ar an obair seo agus tá súil acu córais inláimhsithe a tháirgeadh chun obair na Comhairle a chur chun cinn i 2010.

5.5 Scéim Pinsean

Cuireadh tairiscintí do scéim pinsean na Comhairle faoi bhráid an Roinn Airgeadais i 2008 ach tá siad ag fanacht le faomhadh. Tá scéim na Comhairle curtha ar an liosta aistrithe seirbhís pobail agus ar an scéim aistrithe rialtais áitiúla agus le haghaidh clárú leis an mBord Pinsean.

5.6 Lóistín

Ta an Feidhmeannach Comhairle fós ag roinnt na bhfoirgneamh leis an mBord Cáilíochtaí Naisiúnta d’Obair Shóisialta. Ba mhaith leis an gComhairle ár sármbuíochas a ghabháil leo, go háirithe don Uasal Eilís Walsh, Stiúrthóir, agus a foireann don bhealach cairdiúil agus fáilteach ar fhreastal siad ar fhoireann na Comhairle.

I rith 2009, pléadh neart ionaid mar fhéidearthachtaí, mar oifigí don Chomhairle sa todhchaí. Faoi dheireadh 2009, bhí an Chomhairle ag obair go dlúth leis an Roinn agus OOP chun foirgneamh a fháil. Ceaptar go mbeidh an lóistín nua ar fáil sa chéad leath de 2010.

5.7 Córais TFC

Beidh foráil ar chóras oiriúnach TFC mar thoisic chriticiúil sa dóigh eacnamaíoch ina rachaidh an eagraíocht seo ar aghaidh. Caithfidh an córas TFC teacht le riachtanais na bhfeidhmeannaigh corporáide, clárúcháin, oideachais agus feidhmiúlachta chun cleachtadh den eagraíocht. Tá an Chomhairle agus an Roinn ag obair le chéile ar roinnt tairiscintí, seirbhísí roinnte san aireamh, chun a chinntiú go gcaithfear cistiú caipitil ar TFC go heacnaimúil.

5.8 Naisc le Gníomhaireachtaí Reachtúla / Rialóirí Sláinte agus Cúram Sóisialta eile

Choinnigh an Feidhmeannach ag láidriú naisc oibre le Rialóirí Sláinte agus Cúram Sóisialta eile in Éirinn, go háirithe – An Bord Altranais, Comhairle Dochtúirí Leighis na hÉireann, Cumann Cógaiseoirí na hÉireann agus an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Tá an-tacaíocht tugtha ag rialtóirí i réimsí eile oibre go háirithe an Chomhairle Múinteoireachta agus an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta. Cruthaíodh naisc láidre le Comhairle Gairmithe Sláinte, RA a rialaíonn deich gcinn den dá ghairm déag ceaptha san Acht, agus le Comhairle Chúraim Shóisialta Tuaisceart na hÉireann, atá faoi láthair freagrach as clárúcháin na n-oibríthe sóisialta agus na n-oibríthe cúraim shóisialta i dTuaisceart na hÉireann.

Ba mhaith leis an gComhairle a chur in iúl inár dTuarascáil Bhliantúil an cúnamh agus an tacaíocht a thug siad seo, agus na rialtóirí ar fad a ndearna muid teagmháil leo. Bhí said an-fhlaithúil, ag roinnt leis an gComhairle agus ar bFeidhmeannach a n-eolas agus a n-oilteacht. Lean ár bPOF ag obair le Fóram na Rialtóirí Sláinte agus Cúraim Shóisialta do PhríomhFheidhmeannaigh, bunaithe i 2008, ar a bhfuil an tUasal Eugene O' Donoghue mar chathaoirleach (POF, An Bord Altranais).

Tá ceathrar ball déag; An Bord Altranais, Comhair Dochtúirí Leighis na hÉireann, Cumann Cógaiseoirí na hÉireann, An Chomhairle um Chúram Prainne Réamh-Oispidéil (CCPRO), An Bord Cáilíochtaí Náisiunta d'Obair Shóisialta, Bord na Radharcmeastóirí, An Chomhairle Fiaclóireachta, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Comhairle Tréidlianna na hÉireann, Údarás Sabháilteachta Bia na hÉireann, an Coimisiún Meabhair-Shláinte, Institiúd Cosanta Radaíochta na hÉireann, Bord Leigheasra na hÉireann agus An Chomhairle san áireamh. Tá líon páirtithe oibre ag an bhFóram, ag breathnú ar cén chaoi ar féidir le rialtóirí obair níos gaire le chéile ar chun cosaint phoiblí a fheabhsú agus luach airgid níos fearr a bhaint amach.

Tá an POF fós mar bhall de Chumann na bPríomhFheidhmeannaigh ar Ghníomhaireachtaí Stáit - CPFGS atá mar ghrúpa líonra an-úsáideach agus mar thoradh tá neart tacaíochta ar fail sna réimsí ina bhfuilimid ag obair ina dtreo.

5.9 Páirtíocht i bhforbairt gairmithe ag ullmhú do chlárúchán

Lean an POF ar aghaidh ag freastal ar chruinnithe agus comhdhálacha leis na gairmithe le bheith rialaithe, chun iad a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí leanúnacha na Comhairle.

5.10 Eitic san Oifig Phoiblí

Liostaíodh an Chomhairle in Aibreán 2008 faoin Acht um Eitic in Oifig Phoiblí 1995 agus 2001. Chomhlíon an Chomhairle na riachtanais uilig faoin Acht i 2009.

6. Comisiún um Shábháilteacht Othar agus Cáilíocht ●●

6.1 Tá obair fós ar siúl sa Roinn ar riachtanais an Choimisiúin a chur i ngníomh do thuirisc an Choimisiún um Shábháilteacht Othar agus Cáilíocht dár teideal “Ag tógáil Cultúr Sábháilteacht Othar”. Tá an Grúpa Stiúrtha Cur i nGníomh bunaithe ag an Roinn chun modhanna cur i ngníomh a aithint. Tá an Dr. Tony Holohan, PríomhOifigeach Leighis ina chathaoirleach agus tá an grúpa le tuairisciú don Aire agus an Roinn faoi Nollag 2010.

Tá POF na Comhairle páirteach i bhFóram na Rialtóirí Sláinte agus Cúraim Shóisialta, agus iad ag obair le chéile chun rialú níos fear ar ghairmithe agus seirbhísí a shaoradh sna seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta. Tá an tUasal Hanrahan i bhfeighil ar fhreagra comhordaithe an ghrúpa ar an tuairisc. Tá an Fóram ag obair le foghrúpaí difriúla, ach go háirithe an Foghrúpa Rialachais, ar a bhfuil an William Kennedy, Comhairle Leighis, ina chomhairle agus an Foghrúpa Ceadnúcháin ar a bhfuil Hugh Kane, an Comisiún Meabhair-Shláinte. (Féach Auguisín 5 le haghaidh tuilleadh sonraí ar an tuairisc seo)

BITHCHEIMICEOIRÍ CLINICIÚLA ● DIAITÉITIGH ● EOLAITHE LEIGHIS
TEIRIPEOIRÍ GAIRME ● COSLIANNA ● SÍCEOLAITHE ● FÍSITHEIRIPEOIRÍ
SÚILIANNA ● RADAGRAFAITHE ● OIBRITHE CÚRAIM SÓISIALTA
OIBRITHE SÓISIALTA ● TEIRIPEOIRÍ URLABHRA AGUS TEANGA

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh



Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dár Críoch 31 Nollaig 2009

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cuir i láthair i dTithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais na Comhairle do dheireadh na bliana 31ú Nollag 2009 iniúchta agam, faoin Acht 2005. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe leagtha amach ansin, Ráiteas na bPolasaithe Cuntasóireachta, an Cuntas Ioncam agus Caiteachas, an Clár Comhardaithe agus na nótaí a bhaineann leis.

Freagrachtaí faoi seach na Comhairle agus an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá an Chomhairle freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta agus minicíocht na mbeart a chinntiú. Ullmhaíonn an Chomhairle na ráitis airgeadais de réir an Cleachtadh Cuntasaíochta a bhfuil Glactha leis go Ginearálta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Baill na Comhairle leagtha amach i Ráiteas Freagrachtaí na Comhairle.

Is é m'fhreagracht ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na riachtanais rialúcháin agus dleathach agus Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchta (RA agus Éire). Cuirim mo bharúil in iúl ar a dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom, de réir an Cleachtadh Cuntasaíochta a bhfuil Glactha leis go Ginearálta in Éirinn. Déanaim tuairisciú freisin, má choinnítear i mo thuairim leabhra cuntasaíochta ceart. Maille leis sin, déanaim trácht ar an bhfuil na ráitis airgeadais ag comhaontú leis na leabhra cuntasaíochta.

Déanaim tuairisc d'aon chás ábhartha nár cuireadh airgead ar fail don ghnó ar theastaigh sé nó mura dtagann na hidirbirt in oiriúint leis na hударáis atá i réim orthu. Déanaim tuairisc freisin murar tháinig mé ar an eolas uilig agus na mínithe riachtanach ar mhaithe le m'iniúchadh.

Athbhreithním má thugann an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmhéanach léiriú ar ghéilliúlacht an Chomhairle leis an gCód Cleachtas le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit agus tuairisc a dhéanamh ar aon tarlú ábhartha nach dtarlaíonn sé seo, nó ma tá an raiteas á gcur ar seachran nó ar neamhréir le heolas ar a bhfuil eolas agam faoi de réir m'iniúchadh féin ar na ráitis airgeadais. Ní gá dom tógáil san áireamh an gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmhéanach na rioscaí agus rialaithe airgeadais ar fad, nó tuairim a mhúnlú ar éifeachtacht na modhanna riosca agus rialaithe.

Bun na Tuairime Iniúchta

Ag baint leasa as m'fheidhmeanna mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeáin Iniúchta Idirnáisiúnta (RA agus Éireann) eisithe ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt ar na comaoineacha speisialta atá ceangailte leis na comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus oibriú.

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná scrúdú, ar bhun tástála, ar fhianaise a bhaineann le méid agus faisnéisiú agus mincíocht na mbeart airgeadais mar a bhí sna ráitis airgeadais. Cuirtear san áireamh freisin measúnú na meastachán tábhachtach agus breithiúnais a déanadh in ullmhuchán na ráitis airgeadais, agus ar bhfeiliúnacht na bpolasaithe cuntasáíochta maidir le cúrsaí na Comhairle, curtha i bhfeidhm go rialta agus nochtaithe go hoiriúnach.

Leag mé amach agus rinne mé m'iniúchadh chun an eolais agus míniúcháin uilig a fháil, a cheap mé a bheith riachtanach chun go mbeadh dóthain fianaise agam a thabharfadh cinnteacht réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíthuairisciú ábhartha, trí chalaos nó trí mhírialtacht eile nó trí bhotún. Luacháil mé freisin cruinneas an chur i láthair ar an eolas sna ráitis airgeadais ina iomlán.

Tuairim

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom, de réir an Cleachtadh Cuntasáíochta a bhfuil Glactha leis go Ginearálta in Éirinn, ar stad cúrsaí na Comhairle ar 31ú Nollaig 2009 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain chríochnaithe. I mo thuairim, choinnigh an Chomhairle leabhra cuntais cearta. Tá na ráitis airgeadais mar aon leis na leabhra cuntais.



Andrew Harkness

Do agus ar son an Ard-Reachtaire
Cuntas agus Ciste
31ú Márta 2011

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmhéanach

1. Ar son baill na Comhairle, admháim ár bhfreagracht i gcinntiú go gcoinnítear agus go noibríonn córas éifeachtach rialú airgeadais inmhéanach. Ní féidir leis an córas rialúcháin airgeadais inmhéanaigh ach cinnteacht réasúnta agus ní dearfa go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil bearta ceadaithe agus taifead ceart déanta orthu agus go seachaítear nó go bhfeictear in am botúin ábhartha nó mírialtachtaí.

2. EochairNósanna Imeachta Rialúcháin

Tá ceimeanna tógtha ag an gComhairle chun timpeallacht rialúcháin oiriúnach a chinntiú trí:


- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir,
- Ag glacadh le prionsabail rialachais chorparáidigh atá sa Chód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, na pointí seo san áireamh:
 - Dearbhchothú ar chomhlíonadh na dtreoracha soláthair, mar atá leagtha amach sa Chód
 - Dearbhchothú ar chomhlíonadh diúscairt shócmhainní agus rochtain ar shócmhainní ag tríú páiritithe mar atá leagtha amach sa Chód
- Dearbhchothú ar chur chun cinn beartas Rialtais ar luach saothair an POF
- Ag bunú nósanna imeachta foirméalta na ngníomhaíochtaí a mhonatáiriú agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint. Tá an córas rialúcháin Airgeadais Inmhéanaigh bunaithe ar chreat eolais bainistíochta rialta, córas tarmlígn agus freagrachta, sraith nósanna imeachta airgeadais, nósanna imeachta riaracháin, dualgaisí a leithlisiú agus seicéalacha déine leanúnach ag an bhfeidhm airgeadais san áireamh. Ní ach go háirithe tá na pointí seo a leanas san áireamh:
 - Córas buiséadú cuimsitheach le buiséad bliantúil, atá athbhreithnithe agus ceadaithe ag baill na Comhairle.
 - Teorainneacha údarásach a leagan d'eisíocaíocht cistí Comhairle.
 - Athbhreithniú rialta ag baill na Comhairle ar eolas tréimhsiúil agus eolas airgeadais bliantúil agus tuairiscí (cuntaisí bainistíochta san áireamh), a chomharthaíonn feidhmiú airgeadais ina gahaidh buiséad. Bunaíodh Coiste Iniúchta i 2010. I rith 2009 bhí ról an Choiste Iniúchat ag an gCoiste Airgeadais. Cuirtear mónaiteoireacht agus athbhreithniú éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmhéanach ar an eolas trí obair ghnólachta sheachtrach de chuntasóirí, feidhmeannach na Comhairle ar a bhfuil freagracht forbartha agus cothabhála an chreat rialúcháin airgeadais inmhéanaigh, agus nótaí tráchta an Ard-Reachtair Cúnats agus Ciste ina thuairisc, mar atá bainteach.

3. Athbhreithniú bliantúil ar rialúcháin

Deimhním gur stiúir an Chomhairle athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmhéanaigh don tréimhse dár gcríoch 31ú Nollaig 2009.

Cathaoirleach na Comhairle

Dáta



29-3-2011


Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Comhairle

Bunaíodh an Chomhairle ar an 20ú Marta 2007 faoi Acht, 2005. Is comhlacht reachtúil é, atá i gceannas ar chinntiú go gcleachtaíon na gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta i dtimpeallacht rialaithe, smachtaithe agus sábháilte ar bhealach a chinntóidh foráil seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta den ardchaighdeán don phobal.

Éilíonn an tAcht, cuid 1, alt 2, go coinneoidh an Chomhairle cuntaisí cearta agus gnách d'aon airgead faighte nó caite aici, le clár comhordaithe agus cuntas ioncaim agus caiteachais san áireamh. Éilítear ar an gComhairle agus í ag ullmhú na ráitis airgeadais chun:

- Polasaithe cuntasáocht feiliúnach a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhun leanúnach mura bhfuil sé feiliúnach a thiomhdiú go leanfaidh an Chomhairle ag feidhmiú;
- Aon imeachtaí ábhartha ón gCaighdeán Cuntasáochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú. Tá an Chomhairle freagrach as leabhra cuntasáochta cearta a choinneáil, a nochtáíonn cruinneas réasúnta ag aon am i suíomh cuntasáochta na Comhairle agus a ligean di cinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloígh le Cuid 1, Alt 21 den Acht. Tá an Chomhairle freagrach freisin as cosaint na sócmhainní agus dá bhrí sin ag tógáil céimeanna réasúnta i seachaint agus in aimsiú calaoise agus mírialtachtaí eile.

Cathaoirleach



POF



Dáta

21/3/11

Ráiteas ar Bheartais Cuntasaíochta

Ginearálta

Bunaíodh an Chomhairle ar an 20ú Marta 2007 faoi Acht 2005 chun na ngairmithe sláinte agus chúraim shóisialta ainmnithe a rialú. Forálann an tAcht freisin d'aistriú foirne, sócmhainní agus dliteanais an Bhord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta, a bheidh curtha i bhfeidhm ag an Aire ar dháta sa todhchaí.

1. Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhráithe na cuntasaíochta, ach amháin mar atá léirithe taobh thíos, de réir na gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo faoi choinbhinsiun an chostais stairiúil. Glactar leis na Caighdeáin Thuairisciú Airgeadais atá molta ag na comhlachtaí cuntasaíochta de réir mar a thagann said i bhfeidhm. Is é an t-aonad airgeadra ná an Euro.

2. Deontas Oireachtais

Aithnítear ioncam deontais ar bhun fáltais airgid ach amháin na deontais leithdháilte do chaitheachas caipitil, a dhéantar tuairisc air ar bhun fabhráithe.

3. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

- (i) Tá sócmhainní seasta sonrúithe ag dímheas carntha beagchostas.
- (ii) Tá sócmhainní seasta luachlaghdaithe de réir méid chothrom ag rátaí bliantúil measta na sócmhainní a dhíscríobh thar a saol úsáideach. Muirearfar dímheas ar bhliain iomlán i mbliain an cheannaigh agus diúscartha.

Troscán & Feistis	20%
TF/Trealamh Oifige	33.3%

4. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil an luach ioncaim gan amúchad úsáidte chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

5. Aoisliúntas

Forálann Alt 13 den Acht bunú scéim aosiliúntais na Comhairle. Is scém shochair shainithe í an scéim do chuspóirí Acht na bPinsean 1990. Tá an scéim á feidhmiú ar bhun riaracháin go dtí go gceadaíonn an Aire í le haontú an Aire Airgeadais.

Tá an Chomhairle i mbun cainte leis an Roinn, le dearcadh aontú ar shocrú go n-íocfadh an Chomhairle ranníocaíocht fostaí leis an Roinn ag rátaí socraithe ag an Roinn Airgeadais agus ranníocaíochtaí pinsean a baineadh de na fostaíthe a íoc chomh maith.


Ina chúiteamh, bheadh aisíocaíocht d'aon airgead a theastaigh chun na gcomaoineacha pinsean a réiteach, ag dul don Chomhairle nuair atá siad dlite. Tá costaisí pinsean i gceist sna ranníocaíochtaí fostaí i leith na tréimhse agus tá siad fabhráithe sna ráitis airgeadais. Íoctar ranníocaíochtaí pinsin an fhostaí leis an Roinn.


An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialsigh


Cuntas Ioncaim agus Caiteachais do dheireadh na bliana 31ú Nollaig 2009

IONCAM	NÓTAÍ	DEIREADH BLIANA	DEIREADH BLIANA
		2009	2008
		€	€
Deontas Oireachtais	1	605,142	324,862
Ioncam Ilghnéitheach			736
		<hr/>	<hr/>
		605,878	324,862
Aistriú (go) / ó Chuntas Caipitil	7	(24)	(13,777)
		<hr/>	<hr/>
		605,854	311,085
CAITEACHAS			
Pá	4	275,244	124,676
Taisteal		7,567	1,804
Costaisí Lóistín	2	48,445	30,235
Riaracán Oifige	3	160,688	41,661
Trealamh Oifige		828	1,010
Foilsíúcháin		5,689	669
Costaisí Gairmiúla agus Dleathach		55,373	38,955
Costas Iniúchta		3,290	3,500
Costaisí Cuntasaíochta		11,215	1,823
Bunú Gníomhaireachta		17,439	11,227
Seirbhísí Pinsean		1,613	8,773
Seirbhísí Párolla		1,500	425
Dímheas		8,320	6,248
		<hr/>	<hr/>
		597,211	271,006
Fuilleach/ (easnamh) don bhliain		8,643	40,079
Fuilleach ag tús na bliana		29,460	(10,619)
		<hr/>	<hr/>
		38,103	29,460
		<hr/>	<hr/>

Tá na cailiteanais agus gnóthachain uilig aithnithe sa chuntas ioncaim agus Caiteachais. Cruthaíonn An Ráiteas ar Pholsaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 9 cuid den a Ráites Airgeadais seo.


Cathaoirleach


POF



Dáta


An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialsigh


Clár Comhordaithe mar a bhí i Nollag 2009

	NÓTAÍ	2009 €	2008 €
Sócmhainní Seasta	5	13,801	13,777
Sócmhainní Reatha			
Airgead ag Banc		128,737	67,928
Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí		8,634	4,971
		<u>137,371</u>	<u>72,899</u>
Fiachas Reatha			
Creidiúnaithe agus Fabhraithe	6	99,268	43,439
		<u>38,103</u>	<u>29,460</u>
Sócmhainní/ Fiachas Reatha Glan			
		<u>51,904</u>	<u>43,237</u>
Sócmhainní Iomlán			
		<u>51,904</u>	<u>43,237</u>
Ionadaithe ag:			
Cuntas Caipitil		13,801	13,777
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		38,103	29,460
		<u>51,904</u>	<u>43,237</u>

Cruthaíonn An Ráiteas ar Pholsaithe Cuntasafóchta agus Nótaí 1 go 9 cuid de na Ráitis Airgeadais seo

Cathaoirleach 

POF 

Dáta 

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialsigh

Nótaí do Ráitis Airgeadais do dheireadh na bliana 31ú Nollag 2009

	NÓTAÍ	2009	2008
1. DEONTAS OIREACHTAIS		€	€
An Roinn Sláinte agus Leanáí		605,142	324,862
		<u>605,142</u>	<u>324,862</u>

Tharraing an Chomhairle ioncam deontais i 2009 díreach ón Roinn.
Deontais Caipitil de €9,917 (2008: €10,681) san áireamh sna figiúirí thuasluaite.

	NÓTAÍ	2009	2008
2. COSTAISÍ LÓISTÍN		€	€
Cíos & Rátaí & Árachas & Táille Seirbhíse		48,445	30,235
		<u>48,445</u>	<u>30,235</u>

Tá cíosanna, rátaí agus árachas san áireamh maidir le costaisí lóistín agus thabhaigh táillí seirbhíse mar gheall ar spás oifige a roinneann an Chomhairle leis an mBord Cálíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta.

	NÓTAÍ	2009	2008
3. RIARÚ OIFIGE		€	€
Teileafón		5,656	1,619
Forbairt TF		101,541	198
Crua-earraí / Bogearraí TF		5,728	41
Deisiúcháin		-	318
Stáiseanóireacht & Costaisí Oifige		5,556	2,104
Earcaíocht & Foireann Gníomhaireachta		8,666	9,302
Traenáil Foirne & Comhdhálacha		1,678	5,410
Costaisí Fochoiste		1,053	1,134
Cruinnithe Comhairle – Fruiliú Seomra & Bia agus Deoch		7,807	6,283
Cruinnithe Comhairle - Taisteal & Maireachtáil		2,965	-
Costaisí an Chathaoirligh		15,925	15,000
Boird Clarúcháin		544	-
Troscán Oifige / Fótachóipire		1,120	-
Tacaíocht TF		2,076	-
Mionairgead		111	33
Táillí Bainc		262	219
		<u>160,688</u>	<u>41,661</u>

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialsigh

Nótaí do na Ráitis Airgeadais do dheireadh na bliana 31ú Nollaig 2009

4. TUARASTAIL

Bhí ceathrar fostaithe san iomlán ag an gComhairle sa bhliain seo.

	2009	2008
	€	€
Tuarastail	248,467	119,485
Costaisí Pinsin	26,777	5,191
	<u>275,244</u>	<u>124,676</u>

Déanann Ospidéal Beaumont athmhúirearaigh do chostaisí tuarastail an POF. Ba é an méid iomlán a cúitíodh d'Ospidéal Beaumont i Leith tuarastail an POF i 2009 ná €109,092, pinsean €22,699 agus costas riaracháin €750.

Ní bhfuair an POF aon phá maidir le feidhmiú nó liúntas BIK.

Ní théann teidlíocht phinsin an POF thar na dteidlíochtaí caighdeánach sa scéim sochair aoisliúntais atá sainmhínithe sa samhailearnáil phoiblí.

Baineadh €6,521 tobhach pinsean ó thuarastail agus íocadh é seo leis an Roinn.

Táillí de €15,925 iníochta don Chathaoirleach an tUasal Margaret Hayes i leith 2008 agus 2009 curtha san áireamh sna cuntaisí.

Ranníocaíochtaí Fostaí de €26,777 curtha mar chostaisí pinsean i leith 2009.

5. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Daingneáin & Feistis	TF / Trealamh Oifige	Iomlán
	€	€	€
Costas ag 1ú Éanair	3,160	16,865	20,025
Breiseanna i mbliain	5,363	2,981	8,344
Diúscairtí i mbliain	-	-	-
	<u>8,523</u>	<u>19,846</u>	<u>28,369</u>
Dímheas:			
Dímheas Carntha ag 1ú Éanair	532	5,716	6,248
Dímheas i mbliain	1,705	6,615	8,320
Dímheas ar Dhiúscairtí	-	-	-
Dímheas carntha ag 31ú Nollaig	<u>2,237</u>	<u>12,331</u>	<u>14,568</u>
Glan Luach de réir na leabhar ag 31ú Nollaig	<u>6,286</u>	<u>7,515</u>	<u>13,801</u>
Glan Luach de réir na leabhar ag 1ú Éanair	<u>2,628</u>	<u>11,149</u>	<u>13,777</u>

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialsigh

Nótaí do na Ráitis Airgeadais do dheireadh na bliana 31ú Nollaig 2009

6. CREIDIÚNAITHE AGUS FABHRAITHE 2009 2008	2009	2008
	€	€
ÍMAT / ÁSPC	15,240	9,373
Fabhrú Párolla	29,678	-
Fabhrú Aoslíúntais	31,968	5,191
Fabhraithe Eile	22,382	28,875
	<u>99,268</u>	<u>43,439</u>
7. CUNTAS CAIPITIL	2009	2008
	€	€
Iarmhéid ag 1ú Éanair	13,777	-
Aistriú chuig cuntas Ioncaim & Caiteachais: Maoin chun sócmhainní seasta a shealbhú	8,344	20,025
Lúide: Amúchadh dronlíneach	(8,320)	(6,248)
	<u>24</u>	<u>13,777</u>
Iarmhéid ag 31ú Nollaig	<u>13,801</u>	<u>13,777</u>

6. Baill Comhairle – Nochtadh Leasa

Chloígh an Chomhairle le treoirlínta eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag Baill Comhairle agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain. Ní raibh aon bhearta i rith tréimhse ghníomhaíochtaí na Comhairle ina raibh aon leasa tairbhiúla.

7. Faomhadh na Ráitis Airgeadais

Cheadaigh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais ar 29ú Márta 2011.

Auguisín 1

Dualgaisí na Comhairle

Cuspóir agus dualgaisí na Comhairle

Dar leis an Acht “ is í aidhm na Comhairle ná an pobal a chosaint trí cur chun cinn ardchaighdeáin d’iompar gairmiúil agus oideachas gairmiúil, traenáil agus cumas i measc na gcláraithe ainmnithe”.

Freagrachtaí na Comhairle:

Is iad feidhmeanna na Comhairle, mar atá leagtha amach san Acht, ná:

- gníomhaíochtaí na mboird clárúcháin a mhaoirsiú agus a chomhordú;
- tacaíocht riaracháin agus cúnamh rúnaíochta a fhoráil do na boird clárúcháin agus a gcoistí;
- glacadh le hiarrataisí agus cinntí a dhéanamh faoi chlárúchán maidir le diúltiú na mboird clárúcháin, clárúchán a bhronnadh nó a thabhairt ar ais;
- caighdeáin cleachtadh do chlárúitheoirí na ngairmithe ainmnithe a chur i bhfeidhm, cód iompair ghairmiúil agus eitice san áireamh, glactha leo lena mboird clárúcháin;
- coistí fiosrúcháin le haghaidh gearáin, fiosrúcháin agus smacht a bhunú, mar atá leagtha amach i guid 6 den Acht, i leith clárúitheoirí na ngairmithe ainmnithe;
- cinntí a dhéanamh agus teoracha a thabhairt faoi Cuid 6 maidir le muirear na smachtbhannaí araíonachta ar clárúitheoirí na ngairmithe ainmnithe;
- an tAire a chomhairliú, as a stuaim féin nó ar iarratas an Aire, ar gach ábhar a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle faoin Acht;
- spreagadh a thabhairt do na boird clárúcháin comhoibriú le chéile, nuair atá sé indéanta, oideachas gairmiúil agus traenáil na gclárúitheoirí san áireamh;
- treoirínta measúnaithe a eisiúint maidir leis na cuspóirí in alt 91 (ag baint le clárúchán tosach na ngairmithe ata ann chéann féin lastigh de na gairmithe ainmnithe d’oscailt na gclár agus i rith na hidirtréimhse);
- aon fheidhm a chur i ngníomh a d’fhéadfadh an Aire a shannadh don Chomhaire agus a bhfuil baint aige le/ leis;
- na gclárúitheoirí d’aon ghairm ainmnithe, a n-oideachas agus traenáil agus cleachtadh na gairme;
- hAon treoir nó rialail de chuid Comhairle an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm, maidir leis an gcleachtadh, agus an duine atá pairteach, i gcúram sláinte nó i gcúram sóisialta.

Tá “cumhacht, aon rud a dhéanamh a bhfuil cosúlacht aige a bheith riachtanach, buntáistúil nó teagmhasach nó a áisídh cur i bhfeidhm a feidhmeanna faoin Acht” ag an gComhairle.

Auguisín 2

Freastal ar Chruinnithe Comhairle 2009

1ú Comhairle 2007 - 2009

AINMNEACHA	DÁTAÍ	
	5ú Feabhra	19ú Márta
Margaret Hayes (Cathaoirleach)	●	●
Vincent McCabe	●	●
MOHC nominee vacant		
Joan Freeman	●	●
Joan Johnson	●	●
Denis Cusack	●	
Michael O'Halloran		■
Mary O'Donnell		
Education Rep vacant		
Elva Gannon		●
Tony Darmody	●	●
Pat Quinlan		●
Tom Jordan	●	●
Una O'Shiel	●	
John O'Mullane	●	●
Margaret Doyle	●	
Jacqui Barry-O'Crowley	●	
Elizabeth Anne McKay		
Nanno Fitzsimons	●	●
Jill Long	●	●
Patricia Godwin	●	●
Mitchel Fleming	●	●
Monica Egan	●	●
Mark McEntee	●	
David Power	●	●

● I láthair

■ Níl ar an gComhairle

2ú Comhairle ceaptha 2009- 2011

AINMNEACHA	DÁTAÍ		
	22ú Iúil	2ú Nollag	22ú D.Fómhair
Margaret Hayes (Cathaoirleach)	●	●	●
Tony Darmody	●	●	
Pat Quinlan	●	●	●
Tom Jordan	●	●	
Margaret Doyle	●	●	●
Jacqui Barry-O'Crowley	●	●	●
Patricia Godwin	●	●	●
Mitchel Fleming	●	●	●
Monica Egan	●		●
Mark McEntee	●		
Sharon Foley	■	●	●
Ann Taylor	■		●
Fionnuala Cook	■		●
Jackie Reed	■	●	●
Stephen McMahon	■	●	●
Michael Ronayne	■	●	●
Bernie Eustace	■	●	
Julie Ling	■	●	
Patricia O'Connor	■	●	
Ionadaí Teiripe Urlabhara agus Teanga*			
Ionadaí Bithcheimice Cliniciúla*			
Ionadaí Teiripe Ceirde*			
Ionadaí Ortoptach*			
Ionadaí Fisiteiripe*			
Ionadaí Oibrí Cúraim Shóisialta*			

* Féach cuid 2.6, lth. 9 le haghaidh sonraí

Auguisín 3

Dualgaisí na mBoird Clárúcháin

Cuspóir agus dualgaisí na mboird clárúcháin

Is é cuspóir an bhord clárúcháin de ghairm ainmnithe ná “ an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin iompar gairmiúil agus oideachas gairmiúil, traenáil agus inniúlacht i measc cláraitheoirí an ghairm sin”.

Dualgaisí bord clárúcháin:

Is iad na feidhmeanna atá ag bord clárúcháin, mar atá leagtha amach san Acht, ná:

- Clár na mbaill óna gairmeacha ainmnithe a bhunú agus a choinneáil;
- Teastais chlárúcháin a eisiúint;
- Treoir a thabhairt do chlárúcháin maidir le hiompar eiticiúil agus treoir agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le cleachtadh na ngairmithe ainmnithe agus forbairt ghairmiúil leanunach;
- Maoirsiú a dhéanamh, de réir an Achta, ar fheiliúnacht na gclár atá ceadaithe ag an mbord d’oideachas agus traenáil na n-iarratasóirí do chlárúcháin;
- Moltaí a dhéanamh maidir le smachtbhannaí le bheith curtha ar cláraitheoirí na gairme ainmnithe.

Le cead na Comhairle is féidir le bord clárúcháin:

- Dul i mbun taighde oideachais agus traenála maidir le cleachtadh na gairme ainmnithe, foirmiú curaclam trialach san áireamh agus measúnú na gclár atá ann chéanna agus modhanna scrúdaithe agus measúnachta;
- cuntais staidrimh a choinneáil agus na cuntais sin a chur ar fáil le haghaidh taighde agus pleanáil.

Auguisín 4

Ballraíocht na gCoistí agus Grúpaí Oibre don Chomhairle (Chuaigh ar scor i rith 2009)

An Chéad Chomhairle – go dtí Márta 2009

Clárúchán Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

Jill Long (Cathaoirleach)

Joan Freeman

David Power

Denis Cusack

Monica Egan

Rialachais

Elizabeth Anne McKay (Cathaoirleach)

Joan Johnson

Bernie McNally

Monica Egan

Mark McEntee

Margaret Doyle

Una O'Sheil

Coiste Airgeadais

Vincent McCabe (Cathaoirleach)

Elizabeth Anne McKay

Bernie McNally

Tony Darmody

Pat Quinlan

Mitchel Fleming

Jacqui Barry O'Crowley

Nanno Fitzsimons

Clárúchán

Mark McEntee (Cathaoirleach)

Jacqui Barry O'Crowley

Margaret Doyle

Mitchel Fleming

Patricia Godwin

Nanno Fitzsimons

John O'Mullane

Jill Long

David Power

Vincent McCabe

Michael O'Halloran

Oideachais

Tom Jordan (Cathaoirleach)

Elva Gannon

Michael O'Halloran

Patricia Godwin

John O'Mullane

An Dara Comhairle 2009 – 2011 (Uilig Ceaptha)

Grúpa Oibre Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

Monica Egan (Cathaoirleach)

Jill Long

David Power

Patricia Godwin

Jacqui Barry O’Crowley

Grúpa Oibre Oideachais

Ann Taylor (Cathaoirleach)

Monica Egan

Mark McEntee

Margaret Doyle

Jackie Reed

Grúpa Oibre Rialachais –

Aontaíodh é a chónascadh leis an gCoiste Iníúchta chun an Coiste Iníúchta, Riosca agus Rialachais.

Coiste Airgeadais & Luach Saothair

Pat Quinlan (Cathaoirleach)

Tony Darmody

Mitchel Fleming

Jacqui Barry O’Crowley

Grúpa Oibre Chlárúcháin

Mark McEntee (Cathaoirleach)

Jill Long

Mitchel Fleming

Margaret Doyle

David Power

Grúpa Oibre Straitéise

Fionnuala Cook

Sharon Foley

Coiste Iníúchta, Riosca agus Rialachais

Sharon Foley (Cathaoirleach)

Tim Dalton

Vincent McCabe

Stephen McMahan

Auguisín 5

Coiste do Shábháilteacht Othar agus Cáilíocht

Tháinig Tuairisc an Choimisiúin dar teideal “Ag tógáil Cultúir Sábháilteacht Othar” amach i mí Iúil 2008. Ba í an Dr. Deirdre Madden Léactóir Dlí in Ollscoil Chorcaigh agus cathaoirleach reatha ar an bhFochoiste Caighdeáin i gCleachtadh, Comhairle na nDochtúirí Leighis, cathaoirleach an choiste. Sna téarmaí tagartha bhí:

- Córas ceannaireachta do chliniceoirí agus bainisteoirí a chuirfeadh taca faoi fhreagracht láidir, corparáideach d’feidhmiú institiúideach agus cliniciúil;
- Córas reachtúil ceadúnaithe do sholáthróirí agus seirbhísí sláinte príobháideach agus poiblí;
- An próiseas dearbhaithe cáilíochta ar na seirbhísí cliniciúla (le béim ar thorthaí cliniciúla) do sholáthróirí agus seirbhísí sláinte príobháideach agus poiblí;
- Modhanna oibre do ghairmithe agus bainisteoirí sláinte chun rioscaí a réamh-mheas agus feidhmiú maith a chur chun cinn trí sainaithint riosca éifeachtach, tuairisciú neasteagmhais agus codarsnach;
- Rannpháirtíocht na n-othar agus na gcúramóirí agus na bhfoirne tacaíochta ag dul i ngleic le soláthróirí cúram sláinte ar phleanáil seirbhísí sláinte agus caighdeán an chúraim atá faighte;
- Rannpháirtíocht foireann chúraim shláinte i gclár iniúchta a bheidh ag obair i dtreo feabhsú caighdeánach a chinntiú agus go ndéantar anailís éifeachtúil agus go mbeadh forleata déanta ar threochtaí in imeachtaí cliniciúla, gearáin, frithghníomhartha díobhálacha in aghaidh druga agus imeachtaí díobhálacha le feistí leigheas;
- Na hacmhainní chun a chinntiú go bhfuil tacaíocht do chleachtadh ar bhonn fianaise agus go cuirtear i bhfeidhm é i gcleachtadh laethúil;
- Rialachas na gcomhlachtaí rialála sa gcóras sláinte agus bealaí ar féidir ligean d’imeascadh éifeachtach idir na comhlachtaí áirithe.”

Mar ábhar suime don Chomhairle tá na moltaí seo a leanas:

- comhoibriú idir na rialaithe gairmithe sláinte i limistéirí leasa choitinn;
- ag forbairt tuiscint roinnte ar chaoghdeáin ghairmiúil atá comónta do gach comhlacht;
- ag tacú le hoideachas agus traenáil na ngairmithe oiriúnacha ag feidhmiú i bhfoirne ildisciplíneacha”.

Leagan an tuairisc síos go mbeidh ar na gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta:

- Forbairt a dhéanamh ar an gcéad phointe teagmhála do bhuarthaí othar (úsaideoirí seirbhíse) maidir le cúram (cliniúil);
- An fiosrúchán ar ghearáin tosaigh a láimhseáil – úsáid creatlach comónta chun déileáil le & iniúchadh a dhéanamh ar chásanna chun feidhmiú a chinntiú;
- Próisis Feidhmiúlacht chun Cleachtadh – le bheith athbhreithnithe – ach caithfidh scaradh níos mó a bheith idir fiosrúchan agus feidhm bhreithnithe;
- Painéil ceaptha go neamhspléach agus traenáilte le haghaidh feidhmiúlacht chun cleachtadh;

- Ba cheart go naithnítear soláthróirí sláinte nach bhfuil clúdaithe agus machnamha dhéanamh orthu le haghaidh rialú faoin gComhairle;
- Ba cheart go ndéanfaidh an Roinn machnamh ar chleachtóirí neamhthraenáilte de réir míochaoine atá ag plé le leigheas malartach, a d'fhéadfadh a gcóireail a bheith baolach nó contúirteach d'othair, chun teacht ar rialu éigin;
- Bunachar sonraí amháin le cáilíochtaí, cláru, stadas agus cuntas go dtí seo na ngairmithe;
- Fógraí aireacha le bheith eisithe i measc na bhfostaithe san áit a fostaí ag cur othair i mbaol.

Faoi láthair tá an Grúpa Stiúrtha Cur i nGníomh (GSCG) ag tuairisciú don Aire ar 134 moladh i dTuarascáil Madden, na moltaí seo san áireamh:

- Cúig foghrúpa le rannpháirtíocht geallsealbhóra: Eagraíocht Tathanta, Comhlachtaí Rialchais Gairmiúla, Tuairisciú ar Imeachtaí Díobhálacha, Iniúchadh agus Teistiméireachta;
- Le breithniú ag an Rialtas, Deireadh Fómhar 2008. Is é an fráma ama don GSCG agus foghrupaí ná 12-18 mí agus a dtuairisc a chríochnú faoi Nollaig 2011.



An pobal a chosaint trí
chur chun cinn
ardchaighdeáin d'iompar
gairmiúil agus oideachas
gairmiúil, traenáil agus
inniúlacht i measc
cláraitheoirí na
ngairmithe ainmnithe.



**Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh**

**Regulating Health +
Social Care Professionals**

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh,
13-15 An Meal, Cúirt an Rabhcháin, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18
T: 01 2933160 **F:** 01 2933170 **E:** info@coru.ie

www.coru.ie